



COVID-19 – An freagra s’againne ina leith

Úsáidtear téacs beochana agus íomhánna gluaiстеacha chun an t-ábhar a léiriú.

Foilsithe ag Banc Ceannais na hÉireann ar an 29 Bealtaine 2020.

Tá contúirt ag baint le **COVID-19** ó thaobh sláinte an phobail de.

Tá COVID-19 ag bagairt ar gheilleagar na tíre freisin.

Déanfaimid gach is féidir linn anseo i mBanc Ceannais na hÉireann chun an tionchar a bheidh ag COVID-19 ar an ngeilleagar a theorannú agus chun cuidiú le geilleagar na tíre teacht chuige féin arís.

Tá deich mbliana caite againn ag treisiú an chórais baincéireachta agus airgeadais.

Táimid ag obair anois chun a chinntiú go mbeidh an córas airgeadais ábalta an turraing eacnamaíoch a iompar - agus nach ndéanfaidh sé níos measa í.

Ó thosaigh géarchéim COVID-19, tá beart glactha againn chun tacú le teaghlaigh, gnónna agus leis an ngeilleagar.

Tá an méid caipitil a chaithfidh a bheith ar seilbh ag na bainc in Éirinn laghdaithe againn ionas gur féidir leo leanúint d’iasachtaí a thabhairt dá gcustaiméirí le linn na géarchéime.

Táimid ag obair go dlúth lenár bpáirtithe san Eoraip chun beartais a aontú a thacóidh le geilleagar an limistéir euro ina iomláine.

Agus táimid ag obair lena chinntiú go gcuirfidh iasachtóirí sos ó íocaíochtaí i bhfeidhm i rith an ama. Cuideoidh sé sin le cosaint a thabhairt do chustaiméirí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu sa ghearrthéarma de bharr COVID-19.

Leanfaimidne orainn ag obair le linn na géarchéime sláinte agus nuair a bheidh COVID-19 thart chun cuidiú leis an téarnamh eacnamaíoch.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag [centralbank.ie/covid19-eolas](https://www.centralbank.ie/covid19-eolas).